



Uimhir 26 de 1991

An tAcht Iascaigh (Leasú), 1991
[An tiontú oifigiúil]



Uimhir 26 de 1991

AN tACHT IASCAIGH (LEASÚ), 1991

[An tiontú oifigiúil]

RIAR NA nALT

Alt

1. Mínithe.
2. Tosach feidhme.
3. Duántacht breac agus garbhéisc a dhíolmhú.
4. Comharchumainn iascaigh.
5. Rialacha cumann.
6. Iontaobhaithe agus coiste bainistíochta.
7. Gnáthchomhaltas comharchumainn.
8. Comhaltas corpraithe cumainn.
9. Teideal chun bric nó garbhiasc a iascaireacht.
10. Scairdheimhnithe.
11. Cearta vótála agus ballóidí.
12. Rialáil iascaireachta a chur i bhfeidhm.
13. Deontais do chumann.
14. Comhaltaí de bhoird réigiúnacha a thoghadh.
15. Cionta.
16. Ceadúnais cheantair slaite bradán (bliantúil), ceadúnais sóisir agus ceadúnais lae.
17. Leasú ar alt 294 den Phríomh-Acht.
18. Leasú ar an gCeathrú Sceideal a ghabhann leis an bPríomh-Acht.
19. Gearrtheideal, comhlua agus forléiriú.

AN SCEIDEAL

[Uimh. 26.] *An tAcht Iascaigh (Leasú)*, 1991. [1991.]

NA hACHTANNA DÁ dTAGRAÍTEAR

An tAcht Iascaigh (Comhdhlúthú), 1959	1959, Uimh. 14
An tAcht Iascaigh, 1980	1980, Uimh. 1
An tAcht Iascaigh (Leasú) (Uimh. 2), 1987	1987, Uimh. 32



Uimhir 26 de 1991

AN tACHT IASCAIGH (LEASÚ), 1991

[An tiontú oifigiúil]

ACHT DO LEASÚ AN DLÍ A BHAINNEANN LE hIASCACH AGUS CHUN NA CRÍCHE SIN DO DHÉANAMH SOCRÚ CHUN CEADÚNAIS DUÁNTACHTA BREAC NÓ GARBHÉISC A CHEALÚ; DO DHÉANAMH SOCRÚ CHUN COMHARCHUMAINN IASCAIGH A BHUNÚ D'FHONN IASCAIREACHT BREAC AGUS GARBHÉISC A FHORBAIRT AGUS A RIALÁIL I RÉIGIÚIN IASCAIGH; DO DHÉANAMH SOCRÚ BREISE I dTAOBH COMHALTAÍ DE BHOIRD RÉIGIÚNACHA A THOGHADH; DO DHÉANAMH SOCRÚ CHUN AICMÍ BREISE DE CHEADÚNAIS SLAITE BRADÁN A EISIÚINT, AGUS DO DHÉANAMH SOCRÚ I dTAOBH NITHE EILE A BHAINNEANN LEIS NA NITHE RÉAMHRÁITE. *[31 Deireadh Fómhair, 1991]*

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS MAR A LEANAS:

1.—San Acht seo—

Mínithe.

ciallaíonn “an tAire” Aire na Mara;

ciallaíonn “an Príomh-Acht” an tAcht Iascaigh (Comhdhlúthú), 1959, arna leasú le haon achtachán ina dhiaidh sin;

ciallaíonn “tofa”, i ndáil le comhalta de choiste bainistíochta cumainn, tofa de réir rialacha an chumainn;

folaíonn “feidhmeanna” dualgais agus dliteanais;

ciallaíonn “scairdheimhniú”, i ndáil le cumann, i gcás deimhnithe bhliantúil, deimhniú gnáthchomhaltais den chumann ar feadh bliana

sonraithe agus, in aon chás eile, deimhniú faoi alt 10(1)(b) nó (c) den Acht seo.

Tosach feidhme. 2.—Tiocfaidh an tAcht seo i ngníomh cibé lá a cheapfaidh an tAire le hordú.

Duántacht breac agus garbhéisc a dhíolmhú. 3.—Ní bheidh ceadúnas faoin bPríomh-Acht riachtanach le haghaidh duántachta breac nó garbhéisc faoin bPríomh-Acht.

Comharchumainn iascaigh. 4.—(1) Bunóidh an tAire le hordú i ngach réigiún iascaigh comharchumann iascaigh amháin nó níos mó chun cistí a chruinniú agus a chaitheamh ar son leas an phobail chun iascach breac nó garbhiascach nó iad araon a fhorbairt i limistéar sonraithe sa réigiún.

(2) Féadfaidh an tAire le hordú, tar éis cibé imscrúdú nó fiosrúchán is cuí leis, ordú a dhéanfar faoin alt seo a chúlghairm nó a leasú.

(3) Measfar maidir le cumann a bhunófar chun na gcríoch a leagtar amach i bhfo-alt (1) den alt seo gur cumann é a bheidh bunaithe chun críocha carthanúla amháin.

(4) Ainmneofar san ordú lena mbunófar cumann na daoine a bheidh ina n-iontaobhaithe ar an gcumann tráth a bhunaithe.

(5) Féadfaidh an tAire daoine a cheapadh chun folúntais a líonadh i measc na n-iontaobhaithe a ainmneofar amhlaidh agus féadfaidh sé aon iontaobhaí den sórt sin a chur as oifig.

Rialacha cumann. 5.—(1) Féadfaidh an tAire rialacha a dhéanamh chun cumainn a rialáil agus is é a bheidh sna rialacha sin rialacha gach cumainn ó thráth a bhunaithe.

(2) Déanfaidh rialacha faoin alt seo, i ndáil le cumann, foráil, go háirithe, maidir leis an méid seo a leanas—

(a) feidhmeanna chéad iontaobhaithe an chumainn;

(b) comhaltas agus feidhmeanna coiste bainistíochta (lena n-áirítear a fheidhmeanna mar iontaobhaithe) agus ceapadh nó toghadh, agus téarmaí agus coinníollacha oifige, a chomhaltaí nó aon duine díobh;

- (c) an córam le haghaidh chruinnithe iontaobhaithe nó choiste bainistíochta an chumann;
 - (d) comhaltas agus foirceannadh gnáthchomhaltais agus comhaltais chorpraithe den chumann;
 - (e) ballóidí chun críocha an Achta seo;
 - (f) ciste forbartha a bhunú agus a bhainistiú, chun íocaíochtaí leis an gcumann a ghlacadh agus airgead an chiste a íoc amach lena n-áirítear soláthar le haghaidh íocaíochtaí leis an mbord réigiúnach iomchuí chun cuspóirí an chumann a chur chun cinn;
 - (g) treoirlínte a sholáthar don chumann i ndáil lena chistí a íoc amach, ag féachaint, go háirithe, do chlár agus do phleananna forbartha an bhoird réigiúnaigh iomchuí;
 - (h) cuntais an chumann agus iniúchadh a chuntas;
 - (i) deonú scairdheimhnithe ag an gcumann.
- (3) Féadfaidh an tAire, le toiliú cumainn, nó féadfaidh cumann, le toiliú an Aire, rialacha an chumann a leasú nó a chúlghairm.
- (4) Féadfaidh an tAire beirt ar a mhéid a cheapadh chun bheith ina gcomhaltaí de choiste bainistíochta cumainn de bhreis ar chomhaltaí tofa an chumann.
- (5) Beidh dliteanas comhalta de chumann ar gnáthchomhalta nó comhalta corpraithe é faoi theorainn na táille (más ann) a bheidh socraithe faoin Acht seo do chomhalta den aicme sin.
- (6) Beidh aon duine i dteideal cóip de rialacha cumainn a fháil ar cibé táille a íoc leis an gcumann a bheidh sonraithe ag an Aire.
- 6.—(1)** Beidh na hiontaobhaithe a cheapfar do chumann faoi alt 4 den Acht seo freagrach as bainistíocht an chumann agus ceapfar iad chun bheith i seilbh oifige go dtí an chéad toghchán de choiste bainistíochta de réir rialacha an chumann.

Iontaobhaithe agus
coiste bainistíochta.

(2) Rachaidh coiste bainistíochta cumainn i mbun oifige an lá tar éis a chomhaltaí tofa a thoghadh. Críochnóidh téarma oifige comhalta an lá i ndiaidh an chéad toghcháin eile den sórt sin. Déanfar gach toghchán den choiste bainistíochta an tráth céanna le toghchán bhord réigiúnach an réigiúin arb é limistéar an chumainn é nó ar cuid den limistéar sin é.

(3) Is iad comhaltaí an choiste bainistíochta a bheidh ina n-iontaobhaithe ar an gcumann fad a bheidh siad i seilbh oifige mar chomhaltaí den sórt sin.

(4) Líonfar folúntais i measc na gcomhaltaí tofa de réir rialacha an chumainn.

(5) Déanfaidh iontaobhaithe cumainn de thuras na huaire sócmhainní an chumainn a theachtadh ar iontaobhas chun críocha an chumainn.

Ghnáthchomhaltas
comharchumainn.

7.—(1) Is iad seo a leanas na chéad ghnáthchomhaltaí de chumann—

(a) na hiontaobhaithe a cheapfaidh an tAire faoi alt 4 den Acht seo, agus

(b) sealbhóirí scairdheimhnithe bliantúla le haghaidh bhliain a bhunaithe.

(2) Scoirfidh aon iontaobhaí den sórt sin de bheith ina chomhalta nuair a scoirfidh sé de bheith ina iontaobhaí.

(3) Beidh sealbhóir ar scairdheimhniú bliantúil cumainn le haghaidh bliana ar bith ina ghnáthchomhalta den chumann don bhliain sin ar an deimhniú sin a dheonú.

(4) Aon duine a ainmneofar ag comhalta corpraithe de chumann faoi alt 8 den Acht seo beidh sé, ar scairdheimhniú bliantúil a dheonú dó le haghaidh bliana ar bith, ina ghnáthchomhalta den chumann le haghaidh na bliana sin.

Comhaltas corpraithe
cumainn.

8.—(1) Féadfaidh aon chlub duántachta nó comhlacht eile teacht chun bheith ina chomhalta corpraithe de chumann de réir rialacha an chumainn.

(2) Beidh comhalta corpraithe ar club duántachta é i dteideal cibé líon comhaltaí den chlub sin, a shocróidh an cumann de réir a rialacha, a ainmniú le haghaidh ghnáthchomhaltas an chumainn gan táille. Beidh aon chomhalta corpraithe eile i dteideal gnáthchomhalta amháin den chumann a ainmniú gan táille.

(3) An tráth a bheifear ag breithniú an dtabharfar aitheantas do chlub duántachta nó do chomhlacht eile chun críche fho-alt (1) den alt seo nó ag socrú mhéid na táille a íocfaidh comhalta corpraithe faoin bhfo-alt sin tabharfar aird shonrach ar eisíoc an chomhlachta lena mbaineann ar obair forbartha iascaigh chun tairbhe an phobail sa limistéar ina n-oibríonn an cumann.

9.—(1) I gcás gur chinn cumann amhlaidh le vóta 60 faoin gcéad dá ghnáthchomhaltaí a bhí i dteideal vótáil agus a vótáil, ní bheidh duine i dteideal duántacht breac nó garbhiasc a dhéanamh i limistéar an chumainn sin mura rud é—

Teideal chun bric
nó garbhiasc a
iascaireacht.

- (a) gur sealbhóir é ar scairdheimhniú reatha de chuid an chumainn sin, nó de chuid aon chumainn eile, a bhunófar faoin Acht seo,
- (b) gur duine é atá faoi bhun 18 mbliana d'aois nó atá 66 bliana d'aois nó os a chionn,
- (c) gur duine dífhostaithe é a bhfuil cúnamh leasa shóisialaigh á fháil aige, nó
- (d) gur duine é a bhfuil pinsean easláine á fháil aige.

(2) Déanfaidh an cumann, ar chinneadh a bheith déanta aige faoin alt seo, scéala faoi sin a thabhairt don Aire agus cuirfidh seisean faoi deara fógra ina thaobh a fhoilsiú san Iris Oifigiúil.

(3) Féadfar fianaise *prima facie* ar chinneadh cumainn faoi fho-alt (1) den alt seo a thabhairt i ngach imeacht dlíthiúil trí chóip den Iris Oifigiúil a thabhairt ar aird a airbheartóidh go bhfuil fógra inti a bhaineann leis an gcumann faoi fho-alt (2) den alt seo.

10.—(1) Is iad seo a leanas na hearnálacha scairdheimhnithe a fhéadfaidh cumann a dheonú—

Scairdheimhnithe.

- (a) deimhniú bliantúil, arb í an táille ina leith £12,

(b) deimhniú lá is fiche, arb í an táille ina leith £5,

(c) deimhniú trí lá, arb í an táille ina leith £3.

(2) Féadfaidh an tAire ó am go ham, le hordú arna dhéanamh le toiliú thromlach na gcumann agus tar éis dul i gcomhairle leis an Aire Airgeadais, aon táille faoi fho-alt (1) den alt seo a athrú gan teorainn ó thaobh ama nó maidir le bliain shonraithe nó blianta sonraithe, agus beidh éifeacht le haon ordú den sórt sin ag tosach na bliana tar éis na bliana ina ndéantar é.

Cearta vótála agus
ballóid.

11.—(1) Gnáthchomhaltaí cumainn, agus iad sin amháin, a bheidh i dteideal vótáil in aon bhallóid a thógtar faoin Acht seo.

(2) Is le rúnbhallóid a dhéanfar vótáil chun críocha an Achta seo.

(3) Beidh duine, a bheidh cáilithe seachas sin, i dteideal vótáil sa chás go bhfuil gnáthchónaí air in Éirinn agus sa chás sin amháin.

(4) (a) An chéad bhallóid chun críche alt 9 den Acht seo, déanfar í an tráth céanna leis an gcéad toghchán de choiste bainistíochta an chumainn agus le toghchán bhord réigiúnach an réigiúin ar cuid de limistéar an chumainn.

(b) Beidh gach duine a shealbhaíonn scairdheimhniú bliantúil reatha de chuid an chumainn, ar an dáta a shonraítear i rialacha an chumainn, i dteideal vótáil sa bhallóid sin.

(5) Chun a bheith i dteideal vótáil in aon bhallóid ina dhiaidh sin ní foláir do dhuine a bheith ina shealbhóir ar scairdheimhniú bliantúil reatha an chumainn ar an dáta a shonraítear i rialacha an chumainn agus ní foláir dó a bheith, nó ní foláir a mheas é a bheith, ina shealbhóir ar dheimhniú den sórt sin ar feadh aon dá bhliain ó thráth na ballóide roimhe sin.

(6) Beidh éifeacht le cinneadh ag cumann faoi alt 9 den Acht seo go dtí an chéad toghchán eile dá choiste bainistíochta agus scoirfidh sé ansin mura rud é, ag ballóid chun críocha an ailt sin, go gcinntear de réir fho-alt (1) den alt sin go leanfaidh forálacha an fho-ailt sin i bhfeidhm.

(7) Déanfar ballóid chun críocha fho-alt (6) den alt seo nó, mura mbeidh aon chinneadh i bhfeidhm de thuras na huairé faoi alt 9, ballóid

chun críocha fho-alt (1) den alt sin, an tráth céanna le toghchán choiste bainistíochta an chumainn.

(8) Ní bheidh ach vóta amháin ag gnáthchomhalta in aon bhallóid, cibé acu scairdheimhniú bliantúil reatha amháin nó níos mó a bheith ina sheilbh.

12.—(1) Má iarrann cumann, a mbeidh cinneadh faoi alt 9 den Acht seo i bhfeidhm ina limistéar, cúnamh ar an mbord réigiúnach don limistéar chun an t-alt sin a chur i bhfeidhm, is feidhm de chuid gach oifigigh údaraithe don bhord an t-alt a chur i bhfeidhm agus chun na críche sin beidh na cumhachtaí go léir aige a thugtar d'oifigigh údaraithe leis an bPríomh-Acht agus na cumhachtaí a thugtar le fo-alt (3) den alt seo.

Rialáil iascaireachta a chur i bhfeidhm.

(2) Cuirfidh bord réigiúnach faoi deara, a luaithe is féidir, fógra a fhoilsiú san Iris Oifigiúil agus i nuachtán amháin nó níos mó a scaiptear i limistéar an chumainn, i dtaobh dhéanamh agus éifeacht an iarratais a dhéanfar chun an bhoird faoi fho-alt (1) den alt seo.

(3) I gcás go mbeidh duine ag duántacht breac nó garbhéisc i limistéar ina bhfuil cinneadh faoi alt 9 den Acht seo i bhfeidhm nó go mbeidh sé i seilbh slaite agus ruaime is féidir a úsáid chun na críche sin ag áit iascaireachta sa limistéar sin nó go mbeidh sé ag dul ag duántacht breac nó garbhéisc nó ag filleadh ón duántacht sin ag áit den sórt sin, déanfaidh sé, ar iarratas ó oifigeach údaraithe lena mbaineann fo-alt (1) den alt seo (ar dheimhniú dá údarás arna eisiúint ag an mbord réigiúnach ar oifigeach dó é a thabhairt ar aird i gcás go n-iarrtar é) a ainm agus a sheoladh a thabhairt don oifigeach agus scairdheimhniú ina ainm, ar scairdheimhniú reatha é nuair a rinneadh an t-iarratas, a thabhairt ar aird lena iniúchadh aige, cibé acu an tráth sin nó ag oifig an bhoird réigiúnaigh laistigh de sheacht lá ón tráth ar iarradh air déanamh amhlaidh.

(4) Ní bheidh feidhm ag fo-alt (3) den alt seo maidir le duine lena mbaineann mír (b), (c) nó (d) d'alt 9(1) den Acht seo.

(5) Más rud é, i gcás duine a bhí i seilbh slaite agus ruaime, go gcúiseofar i gcion é faoin alt seo arb é a bheidh ann mainneachtain scairdheimhniú a thabhairt ar aird, beidh sé ina chosaint mhaith dó a chruthú gur mar mhonaróir nó díoltóir an chéanna agus nach le haghaidh úsáide a bhí an tslat agus an ruaim ina sheilbh.

(6) Ní bheidh aon fheidhm faoin alt seo ag maor uisce príobháideach a cheapfar faoi alt 294 den Phríomh-Acht.

(7) Féadfar fianaise *prima facie* ar iarratas a dhéanfaidh cumann faoi fho-alt (1) den alt seo a thabhairt i ngach imeacht dlíthiúil trí chóip den Iris Oifigiúil a thabhairt ar aird a airbheartóidh go bhfuil fógra inti faoi fho-alt (2) den alt seo a bhaineann leis an gcumann.

Deontais do chumann.

13.—Féadfaidh an tAire, as airgead a sholáthróidh an tOireachtas, íocaíochtaí a dhéanamh le cumann a bhunófar faoin Acht seo chun críocha an chumainn.

Comhaltaí de bhoird réigiúnacha a thoghadh.

14.—(1) (a) Beidh gach gnáthchomhalta de chumann do bhliain áirithe, a mbeidh gnáthchónaí air in Éirinn, i dteideal vótáil i dtoghchán a dhéanfar an bhliain sin do chomhaltaí den bhord réigiúnach don réigiún a chuimsíonn limistéar an chumainn ach, i gcás toghcháin d'aon bhliain i ndiaidh an chéad toghcháin tar éis thosach feidhme an Achta seo, sa chás amháin gur ghnáthchomhalta é freisin d'aon dá bhliain eile ó thráth an toghcháin roimhe sin.

(b) Gach iarchomhalta saoil den Iontaobhas Iascaigh Intíre Ioncorportha (*The Inland Fisheries Trust Incorporated*) a chláraigh faoi alt 58(4) den Acht Iascaigh, 1980, i gclár boird réigiúnaigh agus a bhfuil gnáthchónaí air in Éirinn ar an dáta a bheidh socraithe faoin Acht Iascaigh, 1980, chun ainmniúcháin a ghlacadh sa toghchán a dhéanfar do chomhaltaí an bhoird réigiúnaigh a chothabhálann an clár, beidh sé i dteideal vótáil sa toghchán sin.

(c) Ní dhéanfaidh an fo-alt seo dochar d'oibriú alt 13 den Acht Iascaigh, 1980.

(2) Duine a bheidh i dteideal vótáil de bhua an ailt seo beidh sé i dteideal vótáil uair amháin, agus gan vótáil ach uair amháin, sa toghchán d'ainneoin go bhféadfadh sé freisin a bheith ina íocóir rátaí, ina chomhalta de chumann eile sa réigiún céanna, nó a bheith i dteideal vótáil faoi alt 12(2) den Acht Iascaigh, 1980, arna leasú le halt 20 den Acht Iascaigh (Leasú)(Uimh. 2), 1987.

(3) Chun críocha alt 12(3)(b)(i) den Acht Iascaigh, 1980 (lena ndéantar foráil le haghaidh toghchán chuig boird réigiúnacha) is aicme amháin a bheidh sna daoine go léir is comhaltaí de chumann i réigiún áirithe mar dhuánaithe breac agus is aicme amháin a bheidh sna daoine go léir is comhaltaí d'aon chumann den sórt sin mar dhuánaithe garbhéisc.

(4) Leasaítear leis seo alt 13 den Acht Iascaigh, 1980, trí “in Éirinn” a chur in ionad “sa Stát” cibé áit a bhfuil an abairt sin.

15.—Aon duine a sháróidh alt 9 nó 12(3) den Acht seo beidh sé ciontach i gcion agus ar é a chiontú go hachomair dlífeair fineáil a chur air nach mó ná deich n-oiread na táille ar scairdheimhniú bliantúil a bheidh i bhfeidhm tráth déanta an chiona. Cionta.

16.—(1) Déanfar gnáthcheadúnas slaite bradán (ar a dtabharfar ceadúnas ceantair slaite bradán (bliantúil)) a chur ar fáil ar an dleacht ceadúnais a íoc dá bhforáiltear chuige sin i gCuid I den Cheathrú Sceideal a ghabhann leis an bPríomh-Acht (arna chur isteach leis an Sceideal a ghabhann leis an Acht seo) le húsáid sa cheantar iascaigh ar ina leith a dhéantar an t-iarratas ar cheadúnas agus a bheidh sonraithe sa cheadúnas agus ar ceantar iascaigh é i réigiún iascaigh an bhoird réigiúnaigh a d’eisigh é. Ceadúnais cheantair slaite bradán (bliantúil), ceadúnais sóisir agus ceadúnais lae.

(2) Oibreoidh ceadúnas ceantair slaite bradán (bliantúil) chun a údarú don duine a bheidh ainmnithe ann, agus dó sin amháin, slat bhradán a úsáid le linn na tréimhse agus sa cheantar iascaigh a bheidh sonraithe ann, faoi réir fhorálacha an Phríomh-Achta agus aon ionstraime arna déanamh faoi.

(3) I gcás go ndéanfaidh duine iarratas chuig bord réigiúnach ar ghnáthcheadúnas slaite bradán (bliantúil) a eisiúint chuige agus go sásaíonn sé an bord go bhfuil sé de thuras na huaire faoi bhun 18 mbliana d’aois agus go n-íocann sé an dleacht ceadúnais dá bhforáiltear chuige sin i gCuid I den Cheathrú Sceideal sin, eiseoidh an bord an ceadúnas sin (ar a dtabharfar ceadúnas sóisir slaite bradán (bliantúil)) chuige.

(4) Cuirfidh gach bord réigiúnach gnáthcheadúnas slaite bradán (lá amháin) ar fáil freisin ar an dleacht ceadúnais a íoc dá bhforáiltear chuige sin i gCuid I den Cheathrú Sceideal sin.

(5) Beidh sealbhóir ar ghnáthcheadúnas slaite bradán (bliantúil) nó ar ghnáthcheadúnas duántachta fíoruisce comhfheidhmeach don bhliain 1990 i dteideal, ar iarratas air sin, ceadúnas lena mbaineann an t-alt seo, seachas fo-alt (4), a eisiúint chuige, saor in aisce faoi réir fhorálacha an ailt seo, don bhliain 1991.

(6) Sealbhóir ar ghnáthcheadúnas slaite bradán (bliantúil) nó ar ghnáthcheadúnas duántachta fíoruisce comhfheidhmeach do na blianta 1990 agus 1991, a n-eisefar ceadúnas saor in aisce chuige faoi fho-alt (5)

don bhliain 1991, déanfar an dleacht a íocadh don iarcheandúnas do 1991 a aisíoc leis, má fhorordaíonn an tAire amhlaidh dá rogha féin, ach sin faoi réir cibé coinníollacha a fhorordóidh sé.

(7) Beidh sealbhóir ar ghnáthcheandúnas slaite bradán (bliantúil) nó ar ghnáthcheandúnas duántachta fíoruisce comhfheidhmeach don bhliain 1991, ach ní don bhliain roimhe sin, i dteideal, tar éis an cheadúnas sin a ghéilleadh, cheadúnas lena mbaineann an t-alt seo, seachas fo-alt (4), a eisiúint chuige, faoi réir fhorálacha an ailt seo, don bhliain 1991 agus, déanfar an difríocht idir an dleacht don cheadúnas sin agus an dleacht don cheadúnas géillte, má fhorordaíonn an tAire amhlaidh dá rogha féin, a aisíoc leis, ach sin faoi réir cibé coinníollacha a fhorordóidh sé.

Leasú ar alt 294 den
Phríomh-Acht.

17.—Leasaítear leis seo alt 294 den Phríomh-Acht trí fho-alt nua a chur isteach mar a leanas:

“(2A) (a) Ní dhaingneofar ceapachán mura mbeidh deimhniú oiriúnachta le haghaidh ceapacháin eisithe ag an mbord réigiúnach iomchuí chuig an duine lena mbaineann.

(b) Is le haghaidh tréimhse nach faide ná cúig bliana a bheidh ceapachán.

(c) Rachaidh gach ceapachán arna dhéanamh roimh thosach feidhme an Achta Iascaigh (Leasú), 1991, agus a bheidh i bhfeidhm ar dháta thosach feidhme an Achta sin, in éag tráth nach déanaí ná cúig bliana tar éis an dáta sin.

(d) Féadfar foirm na hionstraime ceapacháin atá leagtha amach sa Séú Sceideal a ghabhann leis an Acht seo a mhodhnú de réir fhorálacha an fho-ailt seo.”.

Leasú ar an gCeathrú
Sceideal a ghabhann
leis an bPríomh-Acht.

18.—Leasaítear leis seo an Príomh-Acht tríd an gCuid atá leagtha amach sa Sceideal a ghabhann leis an Acht seo a chur in ionad Chuid I den Cheathrú Sceideal a ghabhann leis an Acht sin (a cuireadh isteach le halt 18 den Acht Iascaigh (Leasú) (Uimh. 2), 1987).

Gearrtheideal,
comhlua agus
forléiriú.

19.—(1) Féadfar an tAcht Iascaigh (Leasú), 1991, a ghairm den Acht seo.

(2) Féadfar na hAchtanna Iascaigh, 1959 go 1991, a ghairm de na hAchtanna Iascaigh, 1959 go 1987, agus den Acht seo le chéile agus forléireofar le chéile iad mar aon Acht amháin.

Alt 18.

AN SCEIDEAL

Leasú ar Chuid I den Cheathrú Sceideal a ghabhann leis an bPríomh-Acht

“CUID I

An Cineál Innill	Aicmí Gnáthcheadúnas Slaite Bradán				
	Gnáth- cheadúnas slaite bradán (bliantúil)	Ceadúnais cheantair slaite bradán (bliantúil)	Ceadúnais slaite bradán (lá is fiche)	Ceadúnais sóisir slaite bradán (bliantúil)	Gnáth- cheadúnais slaite bradán (lá amháin)
(1)	(2)	(3)	(4)	(5)	(6)
Slat Bhradán	£25	£12	£10	£8	£3

”.